

i ndiaidh na dtrí instealladh, déantar tastáil fola chun a fháil amach an bhfuil an duine sin cosanta ansin, nó nach bhfuil. Féadfaidh lamh thinn agus deirge in áit an insteallta a bheith i measc na bhfo-iarsmaí.

- Má tá tú torrach nó más mian leat a bheith torrach, is fearr é sin a phlé le do dhochtúir sula dtugtar an vacsaín duit.
- Ná lig do pháistí teagmháil a bheith acu le fuil nó le sreabháin choirp duine a bhfuil heipitíteas B orthu, nó le ciarsúir atá salach i ndiaidh a leithéid d'ábhair.
- Má thagann páistí i dteagmháil le fuil duine a bhfuil heipitíteas B orthu agus má tharlaíonn sé nach bhfuil siad vacsaínithe ina choinne, is féidir iad a chosaint ach cóireail a chur orthu gan mhoill. Ba cheart an páiste a thabhairt chuig an dochtúir nó chuig an Rannóg Éigeandála agus é a chur in iúil ann go raibh siad i dteagmháil le heipitíteas B. Tabharfar instealladh glóbailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG) dóibh agus tosófar ar an gcúrsa vacsaín do heipitíteas B.
- Ná comhroinn scuabanna fiacla, rásúir, snáthaidí, líomháin ingne, bearrthóirí ingne, siosúir ingne tuáilí aghaidhe nó tuáilí le duine ar bith a bhfuil ionfhabhtú heipitíteas B orthu.

Ní féidir heipitíteas B a scaipeadh trí na modhanna seo a leanas:

- Sraoth a ligean nó casacht a dhéanamh
- Póga nó barróga a thabhairt nó a fháil
- Cothú cíche
- Bia nó uisce
- Miasa nó gloiní a chomhroinnt
- Gnáth-theagmháil idir dhaoine (e.g. san áit oibre)

Ní ceart tú a choinneáil amach ó áiseanna cúram leanaí, ón scoil, ó obair nó ó ghníomhaíochtaí ar bith eile toisc go bhfuil heipitíteas B ort.

Cuimhnigh:

Déan cinnte go gcríochnaíonn do leanbh cúrsa an vacsaín do heipitíteas B ag an am ceart ionas go mbeidh sé/ sí cosanta.



Cén chaoi ar féidir liom a thuilleadh eolais a fháil?

Is féidir eolas úsáideach a fháil faoi heipitíteas B ó na foinsí seo a leanas:

- Do dhochtúir teaghlaigh
- An rannóg áitiúil sláinte poiblí de chuid an FSS

Is féidir eolas agus bileoga eile faoi heipitíteas B a fháil ó na suímh Ghréasáin seo a leanas:

- www.hpsc.ie
- www.cdc.gov/hepatitis/hbv
- www.who.int
- www.immunisation.ie



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Dáta: April 2017

Údair: An Grúpa Oibre Heipitítis de chuid an Fhoghrúpa Míochaine Sláinte Poiblí um Ghalair Theagmhálacha Rannóga na Sláinte Poiblí agus an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Hepatitis B

Tusa agus Do Leanbh



Tusa agus Do Leanbh Más rud é go bhfuil heipitíteas B ort agus go bhfuil tú ag súil le leanbh, ag pleanáil toirchis, tar éis leanbh a shaolú le déanaí nó má tá páistí agat cheana féin, gheobhaidh tú eolas sa bhileog seo maidir le conas do leanbh agus do pháistí a chosaint.

Tá imdhíonadh fíor-éifeachtach chun ionfhabhtú heipitíteas B a chosc i gcás leanaí agus páistí.

Cad is heipitíteas B ann?

Is víreas é heipitíteas B a mbíonn droch-éifeacht aige ar an ae agus a d'fhéadfadh tú a dhéanamh breoite go tromchúiseach. Scaiptear é trí theagmháil le fuil nó le sreabháin choirp duine ionfhabhtaithe. Roinnt daoine a mbíonn heipitíteas B orthu, ní fhaigheann siad réidh leis an víreas riamh agus d'fhéadfaidís a bheith ionfhabhtaithe ar feadh a saoil ar fad. Tugtar ionfhabhtú ainsealach heipitíteas B air sin agus féadann daoine a bhfuil sé orthu daoine eile a ionfhabhtú. Buailtear cuid de na daoine a mbíonn ionfhabhtú ainsealach heipitíteas B orthu le galar trom ae níos faide anonn sa saol.

Ní bhíonn airíonna ar bith ar chuid de na daoine a mbíonn ionfhabhtú ainsealach heipitíteas B orthu agus d'fhéadfaidís an víreas a scaipeadh chuig daoine eile i ngan fhios dóibh féin.

Céard a tharlóidh má táim torrach?

Ba cheart mná atá torrach a thástáil le haghaidh heipitíteas B. Má fhaightear toradh dearfach, féadfaidh d'obstatraí nó do dhochtúir tú a tharchur chuig speisialtóir.

Cad é an riosca do mo leanbh?

Is féidir heipitíteas B a chur ar aghaidh chuig do leanbh agus é/í ag teacht ar an saol nó go gairid ina dhiaidh sin, mura ndéantar do leanbh a imdhíonadh.

Bíonn baol níos mó ann go bhfaigheann páistí ionfhabhtú ainsealach má fhaigheann siad heipitíteas B agus iad an-óg. Tiocfaidh ionfhabhtú ainsealach ar suas go 90% de na leanaí a ionfhabhtaítear ag a mbreith, mura ndéantar iad a imdhíonadh. Is minic a bhaineann fadhbanna sláinte leis sin níos faide anonn sa saol.

Conas is féidir liom mo leanbh a chosaint?

An bealach is fearr chun do leanbh nuashaolaithe a chosaint ó heipitíteas B ná é/í a imdhíonadh. Is éard a bhíonn i gceist le himdhíonadh ná an vacsaín do heipitíteas B chomh maith le glóbailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG) a thabhairt dóibh.

- Ba cheart an chéad dáileog den vacsaín do heipitíteas B agus dáileog de ghlobailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG) a thabhairt go gairid i ndiaidh breithe.
- Déan cinnte go bhfaigheann do leanbh na chéad dáileoga eile den vacsaín - ag dhá mhí d'aois, ag ceithre mhí d'aois agus ag sé mhí d'aois de ghnáth, mar chuid den ghnáthsceideal vacsaínithe do leanaí.
- Déanfaidh do dhochtúir teaghlaigh nó do phéidiatraí tástáil fola dhá mhí i ndiaidh dheireadh an chúrsa vacsaíne chun a fháil amach an bhfuil do leanbh ionfhabhtaithe nó nach bhfuil. Mura bhfuil do leanbh ionfhabhtaithe, déanann an tástáil fola a sheiceáil an bhfuil sé/sí cosanta ag an vacsaín.
- Bíonn cosaint ó heipitíteas B ag níos mó ná 95% de leanaí a fhaigheann an sceideal iomlán vacsaíne do heipitíteas B agus glóbailín imdhíonachta heipitíteas B.

Déan cinnte go gcríochnaíonn do leanbh an cúrsa vacsaíne do heipitíteas B ag an am ceart ionas go mbeidh sé/sí cosanta.

An bhfuil an vacsaín do heipitíteas B sábháilte?

- Vacsaín sábháilte agus éifeachtach atá sa vacsaín do heipitíteas B.
- Féadfaidh lamh thinn agus deirge in áit an insteallta a bheith i measc na bhfo-iarsmaí

- Is féidir an vacsaín do heipitíteas B a thabhairt ag an am céanna ná vacsaíní eile do leanaí.
- Ní táirge fola é an vacsaín do heipitíteas B.
- Ní féidir heipitíteas B a tholghadh ón vacsaín.

Cad is glóbailín imdhíonachta heipitíteas B ann?

Is féidir le daoine a mbaineann ardriosca ionfhabhtaithe leo, ar nós máthair leanbh nuashaolaithe, cosaint luath a fháil ach úsáid a bhaint as glóbailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG).

- Is táirge fola é. Déantar scagthástáil chúramach ar dheontóirí fola. Tástáiltear an fhuil agus déantar cóireáil uirthi chun an riosca ionfhabhtaithe a laghdú.
- Ní chuireann sé isteach ar vacsaínithe eile a thugtar le linn naíonachta.

Ní thugann gearradh Caesarach cosaint ar bith do do leanbh ó heipitíteas B.

Tá cothú cíche sábháilte do do leanbh. Ní scaiptear heipitíteas B i mbainne cíche.

Conas is féidir liom mo leanaí eile a chosaint?

Féadann páistí a chónaíonn le daoine a bhfuil heipitíteas B ainsealach orthu an t-ionfhabhtú a fháil. Féadann heipitíteas B scaipeadh ó pháiste nó ó dhuine fásta ionfhabhtaithe chuig páistí eile mura dtugtar an vacsaín dóibh. Tabhair an vacsaín do do pháistí eile chun iad a chosaint ón ionfhabhtú. Má tá heipitíteas B ortsa nó ar aon duine eile sa teaghlach, tabhair do pháistí chuig do dhochtúir teaghlaigh chun an vacsaín a fháil.

- Is vacsaín sábháilte éifeachtach í an vacsaín heipitíteas B agus is í an modh cosanta is fearr atá ann duit. Tugtar an vacsaín mar chuid de chúrsa trí instealladh. Uaireanta,